Soiléirithe: Soláthar Dearadh Suíomh Gréasáin, Forbairt, Óstáil, Cothabháil agus Seirbhísí Tairsí d'Acmhainní Digiteacha – Mol Matamaitice Bunscoile

1. Deir an tIarratas ar Thairiscint (Rannóg 2) gurb é €200,000 an buiséad CBL san áireamh, ach deir fógra TED (mír 2.1.3 / 5.1.5) gurb é €200,000 an luach measta gan CBL a áireamh. An bhfuil COGG in ann a dheimhniú cé acu figiúr atá ceart, ionas gur féidir linn ár moladh costais a ullmhú go cruinn?

   **CBL san áireamh**

2. Freisin, an bhfuil aon teorainn le fad an iarratais i dtaobh méid leathanaigh?
   **Níl**

3. Ar an gcéad dhul síos, tugaimid faoi deara go luann an fógra oifigiúil ar TED (536204-2026, ailt 2.1.6 agus 5.1.9) go bhfuil forais eisiaimh agus critéir roghnúcháin ann don chonradh seo, agus gurb é an doiciméad soláthair foinse na gcritéar sin. Nuair a d'iniúchamar an tIarratas ar Thairiscint féin agus na doiciméid atá ar fáil ar eTenders áfach, níor aimsíomar aon roinn a leagann amach na forais eisiaimh nó na critéir roghnúcháin go sonrach, seachas an tagairt ghinearálta in Aguisín 2. An bhféadfadh sibh a rá linn cá bhfuil na critéir sin foilsithe, nó an bhfuil siad le teacht i bhfoirm ar leith, mar shampla ceistneoir cáilíochta a bheidh mar chuid den phróiseas tairisceana ar eTenders?

   **Níl ga a bheith buartha faoi seo - is feidir d'iarratas a chuir isteach agus déanfar measúnú air leis na cinn eile.**

4. Sa dara háit, tugaimid faoi deara nach bhfuil ach trí ró ann do na costais bhliantúla in Aguisín 1 (Bliain 1, Bliain 2, Bliain 3), cé go bhfuil an conradh le maireachtáil ceithre bliana de réir Alt 5. An bhfuil súil agaibh go gcuirfear ró do Bhliain 4 leis an sceideal praghsála freisin?

   **Tá**